



An Bhruiséal, 20 Nollaig 2022
(OR. en)

15833/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0257(NLE)

SCH-EVAL 194
MIGR 408
COMIX 610

TORADH NA nIMEACHTAÍ

Ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 19 Nollaig 2022

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 15528/22
roimhe seo:

Ábhar: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2020 ar an gcur i bhfeidhm a rinne **an Ostair** ar *acquis* Schengen i réimse an **fhille**

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2020 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Ostair ar *acquis* Schengen i réimse an fhille, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 19 Nollaig 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

MOLADH

maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2020 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Ostair ar *acquis* Schengen i réimse an fhille

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú¹, agus go háirithe Airteagal 31(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen², agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é cuspóir an Chinnidh seo a mholadh don Ostair gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh le linn na meastóireachta Schengen i réimse an fhille, a rinneadh in 2020. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2850 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil lena gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaitníodh le linn na meastóireachta.

¹ IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1–27.

² IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

- (2) Foráiltear le hAirteagal 31(3) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, i gcás meastóireachtaí a dhéanfar roimh an 1 Feabhra 2023, go ndéanfar na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 agus go háirithe Airteagal 15 de.
- (3) Meastar gur dea-chleachtas í an úsáid fhorleathan a bhaintear as sainordú Frontex i réimse an fhille, go háirithe maidir le córas náisiúnta TF a fhorbairt a bheith idirnasctha leis an ardán comhtháite um bainistiú ar fhilleadh arna bhainistiú ag Frontex, a chuireann go mór le héifeachtúlacht bheartas um fhilleadh na hOstaire.
- (4) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, go háirithe Treoir 2008/115/CE, ba cheart tosaíocht a thabhairt do mholtaí 1, 3, 4 agus 8 a chur chun feidhme.
- (5) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na Treorach um Fhilleadh a áirithiú, de réir chásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais, tá an plé tiomnaithe sa Ghrúpa Teagmhála don Treoir um Fhilleadh le tacú le cur chun feidhme Mholadh 1. Ba cheart an soiléiriú sin ar léirmhíniú an mholta sin a bheith gan dochar do chur chun feidhme na moltaí [eile] ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar easnaimh a sainaithníodh sna meastóireachtaí a dhéantar de bhun Rialachán 1053/2013 ón gComhairle.
- (6) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de 2 mhí ó ghlacadh an Chinnidh seo, ba cheart don Ostair, i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile chun aon easnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas a chur chun feidhme, agus an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH:

gur cheart don Ostair an méid seo a leanas a dhéanamh:

Nósanna imeachta um fhilleadh

1. a lua, sna cinntí uile um fhilleadh a eisítear do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, go bhfuil sé d'oibleagáid orthu críoch gach stát i limistéar Schengen a fhágáil chun tríú tír ar leith a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 3(3) agus (4) de Threoir 2008/115/CE; bearta a dhéanamh chun a áirithiú, i gcás nár sonraíodh an tríú tír a mbeifear ag fillleadh uirthi sa chinneadh um fhilleadh toisc nach féidir ceann a shainaithint i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas dlí náisiúnta, go n-urramófar prionsabal an *non-refoulement*;
2. an dlí náisiúnta a leasú chun Airteagal 3(3) de Threoir 2008/115/CE a thrasú i gceart;

Coimircí nós imeachta

3. an dlí náisiúnta a leasú chun a áirithiú go mbeidh éifeacht fionraíochta ag achomhairc in aghaidh cinntí um fhilleadh, i gcás ina ndéanfadh an cinneadh an náisiúnach tríú tír a nochtadh don fhíorbhaol go gcaithfí leo ar bhealach atá contrártha d'Airteagal 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine nó d'Airteagal 4 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ar a laghad go dtí go mbeidh cinneadh déanta ag an gcúirt maidir le héifeacht fionraíochta a dheonú don achomharc nó gan é a dheonú;

Toirmisc ar iontráil

4. an dlí náisiúnta a leasú maidir le fad na dtoirmeasc ar theacht isteach chun an reachtaíocht a chur i gcomhréir le forálacha Threoir 2008/115/CE;
5. an dlí náisiúnta a leasú chun a áirithiú go n-eiseofar toirmisc ar theacht isteach i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Threoir 2008/115/CE;

Coinneáil

6. bearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar na dálaí coinneála sna hionaid choinneála, trína áirithiú go ndearhtar na saoráidí coinneála ar bhealach atá ag teacht le cineál na coinneála riaracháin; go bhfuil an náisiúnach tríú tír, i bprionsabal, faoi choinneáil sa chóras oscailte; go gcuirtear réimse níos leithne de ghníomhaíochtaí fóillíochta eagraithe ar fáil ar bhonn níos minice; agus go bhfuil na seomraí agus na comhlímistéir go léir feistithe go leordhóthanach agus go bhfuil dea-bhail orthu;
7. na bearta is gá a ghlacadh chun gur féidir cuairteanna a thabhairt ar ionad coinneála na bpóilíní in Roßauer Lände agus ionad coinneála na bpóilíní in Hernalser Gürtel i dtimpeallacht ina n-urramaítear an ceart chun príobháideachais agus chun saol an teaghlaigh;
8. a áirithiú go ndéanfar mionaoisigh atá á gcoinneáil a scaradh ó dhaoine fásta nach bhfuil gaolta leo i ngach uile chás; agus an reachtaíocht náisiúnta ábhartha a leasú ionas go ndéanfaidh an oibleagáid maidir le cóiríocht agus cúram a chur ar fáil atá oiriúnach dá n-aois tagairt freisin do mhionaoisigh atá os cionn 16 bliana d’aois; an cleachtas a ailíniú dá réir sin;
9. a áirithiú go ndéanfar measúnú aonair sula ndéanfar cinneadh maidir le húsáid a bhaint as nochtchuardaigh agus machnamh a dhéanamh ar mhodhanna a úsáid nach bhfuil chomh cráiteach céanna;

Filleadh éigeantach

10. bearta a dhéanamh chun éifeachtacht an chórais faireacháin maidir le fillleadh éigeantach a mhéadú, trí fhaireachán a dhéanamh freisin ar fhilleacha éigeantacha arna ndéanamh ag eitiltí sceidealaithe agus trí raon feidhme na gníomhaíochta faireacháin a leathnú chuig gach céim den oibríocht um fhilleadh éigeantach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán